



DÁIL ÉIREANN

Dé Máirt, 2 Deireadh Fómhair, 2018
Tuesday, 2nd October, 2018

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Dé Máirt, 2 Deireadh Fómhair, 2018
Tuesday, 2nd October, 2018

2 p.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

40. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí [*Arna breithniú ag an Comhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannasan 26 Meán Fómhair 2018*] (*vótáil a cuireadh siar*).
 Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Internal Security Fund [*Considered by the Joint Committee on Justice and Equality on 26th September, 2018*] (*postponed division*).
20. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 agus Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a tharchur chuig Comhchoiste.
 Motion *re* Referral to Joint Committee of proposed approval by Dáil Éireann of Regulations of the European Parliament and of the Council amending Council Regulation (EC) No. 1206/2001 of 28th May, 2001 and Regulation (EC) No. 1393/2007.
21. Tairiscint *maidir le* Róta na nAíre i gcomhair Ceisteanna Parlaiminte.
 Motion *re* Ministerial Rota for Parliamentary Questions.
22. Tairiscint *maidir le* Suíonna agus gnó na Dála.
 Motion *re* Sittings and business of the Dáil.
1. (l) An Bille Meabhair-Shláinte (Orduithe Athnuachana), 2018 [*Seanad*] — An Dara Céim.
 (a) Mental Health (Renewal Orders) Bill 2018 [*Seanad*] — Second Stage.
41. (l) An Bille um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 — Ordú don Tuarascáil.
 (a) Home Building Finance Ireland Bill 2018 — Order for Report.
42. An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2018 — An Dara Céim (*atógáil*).
 Criminal Law (Sexual Offences) (Amendment) Bill 2018 — Second Stage (*resumed*).

GNÓ COMHALTAÍ PRÍOBHÁIDEACHA
PRIVATE MEMBERS' BUSINESS

- 62.** An Bille um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna (Leasú), 2018 — An Dara Céim.
Civil Liability and Courts (Amendment) Bill 2018 — Second Stage.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí ón Seanad: Bills from the Seanad

1. (l) An Bille Meabhair-Shláinte (Orduithe Athnuachana), 2018 [*Seanad*] — An Dara Céim.
(a) Mental Health (Renewal Orders) Bill 2018 [*Seanad*] — Second Stage.

2. An Bille um Neamhord Speictream an Uathachais, 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Autism Spectrum Disorder Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

3. An Bille um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Landlord and Tenant (Ground Rents) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

4. An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Athaontú Teaghlaigh) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
International Protection (Family Reunification) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

5. An Bille Meabhair-Shláinte (Leasú), 2016 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Mental Health (Amendment) Bill 2016 [*Seanad*] — Second Stage.

6. An Bille um an Dlí Sibhialta (Toimhde Báis), 2016 athraithe ó An Bille um an Dlí Sibhialta (Daoine atá ar Iarraidh), 2016 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Civil Law (Presumption of Death) Bill 2016 changed from Civil Law (Missing Persons) Bill 2016 [*Seanad*] — Second Stage.

7. An Bille um Lá na Faisnéise Neamhspleáchais, 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Declaration of Independence Day Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

8. An Bille um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Public Service Superannuation (Age of Retirement) Bill 2018 [*Seanad*] — Second Stage.

9. An Bille Oideachais (Leas) (Leasú), 2017 [*Seanad*] — An Dara Céim.
Education (Welfare) (Amendment) Bill 2017 [*Seanad*] — Second Stage.

Billí a thionscnamh: Initiation of Bills

*Tíolactha:
Presented:*

- 10.** An Bille Sláinte (Foirceannadh Toirchis a Rialáil), 2018 — Ordú don Dara Céim.
Health (Regulation of Termination of Pregnancy) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le foirceannadh toirchis agus do rialáil foirceannadh toirchis; do dhéanamh socrú maidir le hathbheithnithe, ar thionscnamh mná toircheasaí nó ar thionscnamh duine thar a ceann, ar thuairimí liachta áirithe arna dtabhairt i leith toirchis; do chur seirbhísí áirithe ar fáil gan mhúirear do mhná chun toircheas a fhoirceannadh de réir an Achta seo agus chun na críche sin do leasú an Achta Sláinte, 1970 agus achtacháin áirithe eile; do dhéanamh socrú maidir le cionta i leith deireadh a chur d'aon ghnó le beatha féatais seachas de réir an Achta seo; do leasú an Achta um Bannaí, 1997; d'aisghairm an Achta um Rialáil Faisnéise (Seirbhísí Iasmuigh den Stát chun Toirchis a Fhoirceannadh), 1995, an Achta um Chosaint na Beatha le linn Toirchis, 2013 agus forálacha d'achtacháin áirithe eile; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

Bill entitled an Act to provide for and regulate termination of pregnancy; to make provision for reviews at the instigation of a pregnant woman, or a person on her behalf, of certain medical opinions given in respect of pregnancy; to make available without charge certain services to women for the purpose of termination of pregnancy in accordance with this Act and, for that purpose, to amend the Health Act 1970 and certain other enactments; to provide for offences in respect of the intentional ending of the life of a foetus otherwise than in accordance with this Act; to amend the Bail Act 1997; to repeal the Regulation of Information (Services outside the State for Termination of Pregnancies) Act 1995, the Protection of Life During Pregnancy Act 2013 and provisions of certain other enactments; and to provide for matters connected therewith.

—*An tAire Sláinte.*

- 11.** An Bille Caidrimh Thionscail (Leasú), 2018 — Ordú don Dara Céim.
Industrial Relations (Amendment) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta Caidrimh Thionscail, 1990 d'fhonn socrú a dhéanamh go mbeidh feidhm ag forálacha áirithe de na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015 maidir le comhaltaí áirithe den Gharda Síochána; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend the Industrial Relations Act 1990 in order to provide for the application of certain provisions of the Industrial Relations Acts 1946 to 2015 to certain members of the Garda Síochána; and to provide for related matters.

—*An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.*

- 12.** An Bille Rialtais Áitiúil, 2018 — Ordú don Dara Céim.
Local Government Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh

Bill entitled an Act to provide for the

socrú maidir le cuid de limistéar riaracháin chomhairle chontae Chorcaí a aistriú chuig limistéar riaracháin chomhairle chathair Chorcaí; do dhéanamh socrú chun deireadh a chur leis na poist mar phríomhfheidhmeannach chomhairle chathair na Gaillimhe agus mar phríomhfheidhmeannach chomhairle chontae na Gaillimhe agus chun post a bhunú mar phríomhfheidhmeannach an dá chomhairle sin araon; chun na gcríoch sin, do leasú an Achta Rialtais Áitiúil, 1991, an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 agus an Achta Luachála, 2001; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

transfer of part of the administrative area of the council of the county of Cork to the administrative area of the council of the city of Cork; to provide for the abolition of the positions of chief executive of the council of the city of Galway and chief executive of the council of the county of Galway and the establishment of the position of chief executive of both of those councils; for those purposes to amend the Local Government Act 1991, the Local Government Act 2001 and the Valuation Act 2001; and to provide for matters connected therewith.

—*An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.*

- 13.** An Bille um Cheartas Coiriúil (Aitheantas Frithpháirteach do Bhreithiúnais agus Cinntí Promhaidh), 2018 — Ordú don Dara Céim.
Criminal Justice (Mutual Recognition of Probation Judgments and Decisions) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht do Chreat-Chinneadh 2008/947/JHA an 27 Samhain 2008 ón gComhairle maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a fheidmiú maidir le breithiúnais agus cinntí promhaidh d'fhonn bearta promhaidh agus smachtbhannaí malartacha a mhaoirsiú, arna leasú le Creat-Chinneadh 2009/299/JHA an 26 Feabhra 2009 ón gComhairle lena leasaítear Creat-Chinntí 2002/584/JHA, 2005/214/JHA, 2006/783/JHA, 2008/909/JHA agus 2008/947/JHA, agus lena ndéantar, ar an tslí sin, cearta nóis imeachta daoine a fheabhsú agus feidmiú prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chothú maidir le cinntí arna ndéanamh i gcás an duine lena mbaineann a bheith as láthair ón triail; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to give effect to Council Framework Decision 2008/947/JHA of 27 November 2008 on the application of the principle of mutual recognition to judgments and probation decisions with a view to the supervision of probation measures and alternative sanctions, as amended by Council Framework Decision 2009/299/JHA of 26 February 2009 amending Framework Decisions 2002/584/JHA, 2005/214/JHA, 2006/783/JHA, 2008/909/JHA and 2008/947/JHA, thereby enhancing the procedural rights of persons and fostering the application of the principle of mutual recognition to decisions rendered in the absence of the person concerned at the trial; and to provide for related matters.

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

- 14.** An Bille um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) (Uimh. 2), 2018 — Ordú don Dara Céim.
Personal Injuries Assessment Board (Amendment) (No. 2) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú agus do leathnú an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to amend and extend the Personal Injuries Assessment Board Act 2003; and to provide for related matters.

—*An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.*

- 15.** An Bille Rialtais Áitiúil (Rátaí), 2018 — Ordú don Dara Céim.
Local Government (Rates) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht d'athchóiriú an dlí a bhaineann le rátaí a bhailiú i ndáil le maoin áirithe, do dhéanamh socrú maidir le bunachar sonraí den mhaoín sin sa Stát a bhunú agus a chothabháil, do dhéanamh socrú maidir le hachtacháin áirithe a leasú agus a aisghairm agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to revise the law relating to the collection of rates in relation to certain properties, to provide for the establishment and maintenance of a database of those properties in the State, to provide for the amendment and repeal of certain enactments and to provide for related matters.

—*An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.*

- 16.** An Bille um Fhorbraíocht na hAfraice (Banc agus Ciste), 2018 — Ordú don Dara Céim.
African Development (Bank and Fund) Bill 2018 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le téarmaí an Chomhaontaithe lena mBunaítear Banc Forbraíochta na hAfraice a cheadú; do dhéanamh socrú maidir le téarmaí an Chomhaontaithe lena mBunaítear Ciste Forbraíochta na hAfraice a cheadú, do dhéanamh socrú maidir le híocaíochtaí faoi na comhaontuithe sin; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the approval of the terms of the Agreement Establishing the African Development Bank; to provide for the approval of the terms of the Agreement Establishing the African Development Fund; to provide for payments under those agreements; and to provide for related matters.

—*An tAire Airgeadais.*

Tabhairt Isteach:
Introduction:

- 17.** An Bille um Fheirmeoireacht Fionnaidh a Thoirmeasc, 2018 — An Chéad Chéim.
Prohibition of Fur Farming Bill 2018 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thoirmeasc ainmhithe a choimeád d'aon toisc nó go príomha lena marú le haghaidh luach a bhfionnaidh agus do dhéanamh leasuithe gaolmhara ar an Acht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013.

Bill entitled an Act to prohibit the keeping of animals solely or primarily for slaughter for the value of their fur and to make related amendments to the Animal Health and Welfare Act 2013.

—*Ruth Coppinger, Mick Barry, Paul Murphy.*

18. An Bille um Choimisiún Leasa Shóisialaigh, 2018 — An Chéad Chéim.
Social Welfare Commission Bill 2018 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú maidir le coimisiún a bhunú chun moltaí a dhéanamh agus chun tuarascáil a thabhairt gach bliain maidir le leordhóthanacht rátaí leasa shóisialaigh sa Stát; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the establishment of a commission to make recommendations and report annually on the adequacy of social welfare rates in the State; and to provide for related matters.

—*John Brady.*

19. An Bille um Chosaint Idirnáisiúnta (Leasú), 2017 — An Chéad Chéim.
International Protection (Amendment) Bill 2017 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun a cheadú do dhaoine atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta fostaíocht a lorg agus dul i bhfostaíocht, laistigh den Stát; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for allowing persons applying for international protection to seek and enter employment within the State; and to provide for related matters.

—*Jonathan O'Brien.*

Fógraí Tairisceana: Notices of Motions

20. “Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótaocal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú na mbeart beartaithe seo a leanas:

That the proposal that Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measures:

(i) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála, ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 6 Iúil 2018, agus

(i) Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Council Regulation (EC) No. 1206/2001 of 28th May, 2001, on cooperation between the courts of the Member States in the taking of evidence in civil or commercial matters, a copy of which was laid before Dáil Éireann on 6th July, 2018, and

(ii) Togra le haghaidh Rialachán ó

(ii) Proposal for a Regulation of the

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (seirbheáil doiciméad), ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Meitheamh 2018,

European Parliament and of the Council amending Regulation (EC) No. 1393/2007 of the European Parliament and of the Council on the service in the Member States of judicial and extrajudicial documents in civil or commercial matters (service of documents), a copy of which was laid before Dáil Éireann on 21st June, 2018,

a tharchur chuig an gComhchoiste um Dhlí agus Ceart agus Comhionannas, de réir Bhuan-Ordú 84A(4)(k), agus go ndéanfaidh an Coiste sin, tráth nach déanaí ná an 11 Deireadh Fómhair 2018, teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 90, agus go mbeidh feidhm dá réir sin ag Buan-Ordú 89(2).

be referred to the Joint Committee on Justice and Equality, in accordance with Standing Order 84A(4)(k), which, not later than 11th October, 2018, shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 90, and Standing Order 89(2) shall accordingly apply.”

—*Seosamh Mac Aodha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

21. “D’ainneoin aon ní in Ordú an 12 Nollaig 2017 ón Dáil inar leagadh amach an róta ar dá réir a chuirfear Ceisteanna chun comhaltaí den Rialtas, go ndéanfar Ceisteanna le haghaidh freagra ó bhéal, a leanfaidh iad sin is neasa a bheidh curtha síos don Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, a chur síos d’Airí san ord sealadach seo a leanas:

That, notwithstanding anything in the Order of the Dáil of 12th December, 2017, setting out the rota in which Questions to members of the Government are to be asked, Questions for oral answer, following those next set down to the Tánaiste and Minister for Foreign Affairs and Trade, shall be set down to Ministers in the following temporary sequence:

An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Minister for Communications, Climate Action and Environment

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara

Minister for Agriculture, Food and the Marine

An tAire Oideachais agus Scileanna

Minister for Education and Skills

An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

Minister for Justice and Equality

An tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Minister for Business, Enterprise and Innovation

An tAire Sláinte

Minister for Health

An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Minister for Public Expenditure and Reform

An tAire Airgeadais

Minister for Finance

agus air sin leanfar den ord a bunaíodh le hOrdú an 12 Nollaig 2017 le Ceisteanna chun an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

whereupon the sequence established by the Order of 12th December, 2017, shall continue with Questions to the Minister for Transport, Tourism and Sport.”

—*Seosamh Mac Aodha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

22. “D’ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, agus mura n-ordóidh an Dáil a mhalairt, go mbeidh feidhm ag na socrúithe seo a leanas i ndáil le suíonna na Dála an 9, 10, agus 11 Deireadh Fómhair 2018:

- (1) (i) ní bheidh aon Ord Gnó ná ceisteanna faoi reachtaíocht a gealladh ann de réir bhrí Bhuan-Ordú 28;
- (ii) ní thógfáir Ceisteanna ó Cheannairí Dé Máirt, agus tógfáir iad Dé Céadaoin agus Déardaoin mar an dara mír ghnó, agus de réir an Sceidil a ghabhann leis an Rún seo;
- (iii) tógfáir Ceisteanna ó Bhéal faoi Bhuan-Ordú 38(1)(b) Dé Céadaoin agus Déardaoin ar 10 a.m.; thairis sin, ní thógfáir aon Cheisteanna ó Bhéal faoi Bhuan-Ordú 38(1): ach amháin go mbeidh ceisteanna scríofa faoi Bhuan-Ordú 42(2) ar Riar na hOibre agus go bhfreagrófar iad sa ghnáthshlí;
- (iv) ní thógfáir saincheisteanna tráthúla faoi Bhuan-Ordú 29A Dé Máirt ná Dé Céadaoin agus tógfáir iad Déardaoin mar an mhír ghnó dheiridh, agus roghnóidh an Ceann Comhairle cúig cinn ar a mhéad;
- (v) ní fhéadfar cead a iarraidh faoi Bhuan-Ordú 34 chun an Dáil a chur ar athló mar gheall ar ní sonrach tábhachtach a bhaineann le leas an phobail;
- (vi) ní thógfáir gnó comhaltaí príobháideacha;
- (vii) ní dhéanfar aon tuarascáil ó Choiste a thógáil tráthnóna Déardaoin faoi Bhuan-Ordú 140(2);
- (viii) déanfar gach vótáil a thógáil láithreach;
- (ix) suífidh an Dáil ar 1 p.m. Dé Máirt,

That, notwithstanding anything in Standing Orders, and unless the Dáil shall otherwise order, the following arrangements shall apply in relation to the sittings of the Dáil on 9th, 10th and 11th October, 2018:

- (1) (i) there shall be no Order of Business or questions on promised legislation within the meaning of Standing Order 28;
- (ii) Leaders’ Questions shall not be taken on Tuesday, and shall be taken on Wednesday and Thursday after Oral Questions as the second item of business, and in accordance with the Schedule to this Resolution;
- (iii) Oral Questions under Standing Order 38(1)(b) shall be taken on Wednesday and Thursday at 10 a.m.; otherwise no Oral Questions under Standing Order 38(1) shall be taken: save that written questions under Standing Order 42(2) shall appear on the Order Paper and be answered in the normal way;
- (iv) topical issues under Standing Order 29A shall not be taken on Tuesday or Wednesday and shall be taken on Thursday as the last item of business, when the Ceann Comhairle shall select a maximum of five;
- (v) leave may not be sought under Standing Order 34 to adjourn the Dáil on a specific and important matter of public interest;
- (vi) private members’ business shall not be taken;
- (vii) no Committee report shall be taken on Thursday evening under Standing Order 140(2);
- (viii) all divisions shall be taken immediately;
- (ix) the Dáil shall sit at 1 p.m. on

- agus ar 10 a.m. Dé Céadaoin agus Déardaoin;
- (x) Dé Céadaoin, rachaidh an Dáil ar athló tráth nach déanaí ná 10 p.m.;
- (xi) Déardaoin, rachaidh an Dáil ar athló tráth nach déanaí ná 5 p.m.;
- (xii) ní bheidh aon tráth vótála bloic ann de réir bhrí Bhuan-Ordú 70(2) Déardaoin; agus
- (xiii) aon vótaí a éileofar Déardaoin, an 4 Deireadh Fómhair 2018 tar éis an trátha vótála bloic, tógfar iad an tráth vótála bloic Déardaoin, an 18 Deireadh Fómhair 2018;
- (2) maidir le suí na Dála Dé Máirt, an 9 Deireadh Fómhair 2018, beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:
- (i) suífidh an Dáil níos déanaí ná 10 p.m., déanfar an tairiscint i gcomhair an Rúin Airgeadais Ghinearálta tráth nach déanaí ná 12 meán oíche, agus ar an Rún Airgeadais Ginearálta a thairiscint, rachaidh an Dáil ar athló láithreach; agus
- (ii) is é an gnó a bheidh le déanamh an Ráiteas Buiséid agus na Tairiscintí Airgeadais ón Teachta Pascal Ó Donnchú, an tAire Airgeadais agus Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas:
- (a) ní rachaidh ráiteas an Aire Uí Dhonnchú thar uair an chloig;
- (b) tar éis ráiteas an Aire, féadfaidh na hurlabhraithe um Airgeadas agus Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú d'Fhianna Fáil, do Shinn Féin, do Pháirtí an Lucht Oibre, do Dhlúthpháirtíocht agus Pobal roimh Bhrabús, do Neamhspleáigh ar son an Athraithe, don Ghrúpa Neamhspleách Tuaithe, agus do Ghrúpa na nDaonlathaithe Sóisialta agus an Chomhaontais Ghlais, a nglaofar orthu san ord sin, ráitis a dhéanamh, agus ní rachaidh a ráitis thar 60 nóiméad
- Tuesday, and at 10 a.m. on Wednesday and Thursday;
- (x) on Wednesday, the Dáil shall adjourn not later than 10 p.m.;
- (xi) on Thursday, the Dáil shall adjourn not later than 5 p.m.;
- (xii) there shall be no block voting time within the meaning of Standing Order 70(2) on Thursday; and
- (xiii) any votes claimed on Thursday, 4th October, 2018, after the block voting time shall be taken at the block voting time on Thursday, 18th October, 2018;
- (2) in relation to the sitting of the Dáil on Tuesday, 9th October, 2018, the following arrangements shall apply:
- (i) the Dáil shall sit later than 10 p.m., the motion for the General Financial Resolution shall be moved not later than 12 midnight, and upon the moving of the General Financial Resolution, the Dáil shall adjourn forthwith; and
- (ii) the business to be transacted shall be the Budget Statement and Financial Motions by Deputy Pascal Donohoe, Minister for Finance and Minister for Public Expenditure and Reform, and the following arrangements shall apply:
- (a) the statement of Minister Donohoe shall not exceed one hour;
- (b) following the statement of the Minister, statements may be made by the spokespersons on Finance and Public Expenditure and Reform for Fianna Fáil, Sinn Féin, the Labour Party, Solidarity-People Before Profit, Independents 4 Change, the Rural Independent Group, and the Social Democrats-Green Party Group, who shall be called upon in that order, and whose statements shall not exceed an aggregate of 60 minutes in each case, and such members may

sa chomhiomlán i ngach cás, agus féadfaidh na comhaltaí sin a gcuid ama a roinnt; agus

(c) cuirfear an suí ar fionraí ar feadh 30 nóiméad tar éis na ráiteas, agus ar athchromadh ar an suí, déanfaidh Aire nó Aire Stáit tairiscint i ndáil le roinnt an ama do na Tairiscintí Airgeadais; agus

(3) maidir le suíonna na Dála Dé Céadaoin agus Déardaoin, an 10 Deireadh Fómhair agus an 11 Deireadh Fómhair 2018, is é an gnó a bheidh le déanamh an gnó atá leagtha amach sa Rún seo mar aon leis an díospóireacht a bheidh le hatógáil ar an Rún Airgeadais Ginearálta, agus beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas maidir leis an ngnó sin:

- (i) maidir le hóráidí an Taoisigh agus na gceannairí ar Fhianna Fáil, ar Shinn Féin, ar Pháirtí an Lucht Oibre, ar Dhlúthpháirtíocht agus Pobal roimh Bhrabús, ar Neamhspleáigh ar son an Athraithe, ar an nGrúpa Neamhspleách Tuaithe, agus ar Ghrúpa na nDaonlathaithe Sóisialta agus an Chomhaontais Ghlais, nó comhaltaí a ainmneofar ina n-ionad, a nglaofar orthu san ord sin, ní rachaidh siad thar 30 nóiméad i ngach cás; agus féadfaidh na comhaltaí sin a gcuid ama a roinnt;
- (ii) cuirfear an suí ar fionraí de bhun Bhuan-Ordú 25(1) ar óráidí ó cheannairí, nó ó chomhalta a bheidh ainmnithe ina n-ionad, a chríochnú, go dtí 5.30 p.m.;
- (iii) maidir le hóráid gach comhalta eile a nglaofar air nó uirthi ina dhiaidh sin agus a fhéadfaidh a chuid ama nó a cuid ama a roinnt, ní rachaidh sí thar 20 nóiméad i ngach cás; agus
- (iv) nuair nach mbeidh aon chomhaltaí eile ar tí labhairt, rachaidh an díospóireacht ar athló agus, in aon chás, Déardaoin an 11 Deireadh

share their time; and

(c) following the statements, the sitting shall be suspended for 30 minutes, and on the resumption of the sitting, a Minister or Minister of State shall move an allocation of time motion for the Financial Motions; and

(3) in relation to the sittings of the Dáil on Wednesday and Thursday, 10th October and 11th October, 2018, the business to be transacted shall be the business outlined in this Resolution along with the resumed debate on the General Financial Resolution, to which the following arrangements shall apply:

- (i) the speech of the Taoiseach and of the leaders of Fianna Fáil, Sinn Féin, the Labour Party, Solidarity-People Before Profit, Independents 4 Change, the Rural Independent Group, and the Social Democrats-Green Party Group, or members nominated in their stead, who shall be called upon in that order, shall not exceed 30 minutes in each case; and such members may share their time;
- (ii) the suspension of sitting under Standing Order 25(1) shall take place on the conclusion of speeches by leaders, or a member nominated in their stead, and shall continue until 5.30 p.m.;
- (iii) the speech of each other member subsequently called upon, who may share his or her time, shall not exceed 20 minutes in each case; and
- (iv) when there are no further members offering, the debate shall adjourn, and, in any event, on Thursday 11th October, 2018, the debate shall

Fómhair 2018, rachaidh an díospóireacht ar athló tráth nach déanaí ná 4 p.m.

adjourn not later than 4 p.m.

AN SCEIDEAL

Dé Céadaoin	Déardaoin
1 Fianna Fáil	Fianna Fáil
2 Sinn Féin	Sinn Féin
3 Páirtí an Lucht Oibre	Páirtí an Lucht Oibre
4 An Grúpa Neamhspleách Tuaithe	Dlúthpháirtíocht-Pobal roimh Bhrabús
5 Fianna Fáil	Sinn Féin
6 Neamhspleáigh ar son an Athraithe	Grúpa na nDaonlathaithe Sóisialta-an Chomhaontais Ghlais

SCHEDULE

Wednesday	Thursday
1 Fianna Fáil	Fianna Fáil
2 Sinn Féin	Sinn Féin
3 Labour	Labour
4 Rural Independent Group	Solidarity-People Before profit
5 Fianna Fáil	Sinn Féin
6 Independents 4 Change	Social Democrats-Green Party Group

—*Seosamh Mac Aodha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

23. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um an gCoinbhinsiún Iltaobhach chun Bearta a Bhaineann le Conarthaí Cánach a Chur i nGníomh, 2018,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 13 Meán Fómhair 2018.

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

The Multilateral Convention to Implement Tax Treaty Related Measures Order 2018,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 13th September, 2018.”

—*An tAire Airgeadais.*

24. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (Poblacht Ghána), 2018,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann

That Dáil Éireann approves the following Order in draft:

Double Taxation Relief (Taxes on Income and Capital Gains) (Republic of Ghana) Order 2018,

a copy of which was laid before Dáil Éireann

an 14 Meán Fómhair 2018.

on 14th September, 2018.”

—*An tAire Airgeadais.*

25. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an tuarascáil ón Taoiseach agus Aire Cosanta maidir le seirbhís ag na Fórsaí Cosanta leis na Náisiúin Aontaithe in 2015, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Meán Fómhair 2016, de réir alt 13 den Acht Cosanta (Leasú), 2006.

That Dáil Éireann approves the report by the Taoiseach and Minister for Defence, regarding service by the Defence Forces with the United Nations in 2015, copies of which were laid before Dáil Éireann on 9th September, 2016, in accordance with section 13 of the Defence (Amendment) Act 2006.”

—*An Taoiseach agus Aire Cosanta.*

26. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir le hincháilitheacht deontas cothabhála do mhic léinn (Tacaíocht Uilíoch Mac Léinn Éireann a mhúscailt)’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 29 Meán Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on the eligibility of maintenance grants to students (Wake-up SUSI)’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 29th September, 2017.”

—*Fiona O’Loughlin,*
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[3 October, 2017]

27. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil dar teideal ‘Tionchar na Ligean Gearrthearma ar Mhargadh Tithíochta agus Cíosa na hÉireann’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 5 Deireadh Fómhair 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government entitled ‘The Impact of Short Term Lettings on Ireland’s Housing and Rental Market’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 5th October, 2017.”

—*Maria Bailey,*
Chairman of the Joint Committee on Housing, Planning and Local Government.
[10 October, 2017]

28. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal ‘Brexit agus todhchaí na

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement entitled ‘Brexit and The Future of Ireland: Uniting

hÉireann: Éire agus a Muintir a Aontú faoi Shíocháin agus Rathúnas’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 2 Lúnasa 2017.

Ireland & Its People in Peace & Prosperity’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 2nd August, 2017.”

—Seán Crowe,
Chairman of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement.
[12 December, 2017]

29. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Fhorfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta dar teideal ‘Na hImpleachtaí atá ag Brexit do Chomhaontú Aoine an Chéasta: Príomhchinntí’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 22 Meitheamh 2017.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement entitled ‘The Implications of Brexit for the Good Friday Agreement: Key Findings’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 22nd June, 2017.”

—Seán Crowe,
Chairman of the Joint Committee on the Implementation of the Good Friday Agreement.
[12 December, 2017]

30. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal ‘Tuarascáil maidir leis na Dúshláin atá roimh Scoileanna ar Oileáin’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 27 Feabhra 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled ‘Report on Challenges Facing Island Schools’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 27th February, 2018.”

—Fiona O’Loughlin,
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[27 February, 2018]

31. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid dar teideal ‘Tuarascáil ar Athluacháil Cánach Maoine Áitiúla’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 23 Márta 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight entitled ‘Report on Local Property Tax Revaluation’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 23rd March, 2018.”

—Colm Brophy,
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[27 March, 2018]

32. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Chúram Meabhairshláinte sa Todhchaí dar teideal ‘An

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care entitled ‘Second Interim

Dara Tuarascáil Eatramhach: Gníomhartha a mholtar de dhroim an dul chun cinn atá déanta go dtí seo', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Aibreán 2018.

Report: Recommended actions arising from progress made to date', copies of which were laid before Dáil Éireann on 25th April, 2018."

—James Browne,
Vice-Chairman of the Joint Committee on the Future of Mental Health Care.
[1 May, 2018]

33. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid dar teideal 'Tuarascáil ar Bhuiséadú Insce', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 30 Bealtaine 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight entitled 'Report on Gender Budgeting', copies of which were laid before Dáil Éireann on 30th May, 2018."

—Colm Brophy,
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[31 May, 2018]

34. "Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Oideachas agus Scileanna dar teideal 'Tuarascáil maidir le dul i ngleic leis an murtall agus le bia sláintiúil a chur chun cinn sna scoileanna', ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 11 Iúil 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Joint Committee on Education and Skills entitled 'Report on tackling of obesity and the promotion of healthy eating in schools', copies of which were laid before Dáil Éireann on 11th July, 2018."

—Fiona O'Loughlin,
Chairman of the Joint Committee on Education and Skills.
[18 September 2018]

35. "Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Casacstáine, den pháirt eile, arna shíniú in Astana an 21 Nollaig 2015, ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 6 Iúil 2018.

That Dáil Éireann approves the terms of the Enhanced Partnership and Cooperation Agreement between the European Union and its Member States, of the one part, and the Republic of Kazakhstan, of the other part, signed at Astana on 21st December, 2015, a copy of which was laid before Dáil Éireann on 6th July, 2018."

—An Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

36. "Go gceadaíonn Dáil Éireann an tOrdú

That Dáil Éireann approves the following

seo a leanas ina dhréacht:

An tOrdú um Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018 (Alt 36) (An Lá Ceaptha), 2018,

ar leagadh cóipeanna de ina dhréacht faoi bhráid Dháil Éireann an 13 Meán Fómhair 2018.

Order in draft:

Technological Universities Act 2018 (Section 36) (Appointed Day) Order 2018,

copies of which have been laid in draft form before Dáil Éireann on 13th September, 2018.”

—*An tAire Oideachais agus Scileanna.*

37. “Go mbreithneoidh Dáil Éireann an Tuarascáil ón Roghchoiste um Fhormhaoirsiú Buiséid, dar teideal ‘An Tuarascáil Deiridh Réamh-Bhuiséid’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 20 Meán Fómhair 2018.

That Dáil Éireann shall consider the Report of the Select Committee on Budgetary Oversight, entitled ‘Final Pre-Budget Report’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 20th September, 2018.”

—*Colm Brophy,*
Chairman of the Select Committee on Budgetary Oversight.
[25 September, 2018]

38. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótaicál Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó tráchtála,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 6 Iúil 2018.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Council Regulation (EC) No. 1206/2001 of 28th May, 2001, on cooperation between the courts of the Member States in the taking of evidence in civil or commercial matters,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 6th July, 2018.”

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

39. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under

Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (seirbheáil doiciméad),

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 21 Meitheamh 2018.

Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council amending Regulation (EC) No. 1393/2007 of the European Parliament and of the Council on the service in the Member States of judicial and extrajudicial documents in civil or commercial matters (service of documents),

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 21st June, 2018.”

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

ORDUITHE AN LAE ORDERS OF THE DAY

*Tairiscint (vótáil a cuireadh siar):
Motion (postponed division):*

40. “Go gceadaíonn Dáil Éireann an Stát d’fheidhmiú an roghnaithe nó na rogha faoi Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a bheith páirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an bhirt bheartaithe seo a leanas:

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí,

ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Iúil 2018.

That Dáil Éireann approves the exercise by the State of the option or discretion under Protocol No. 21 on the position of the United Kingdom and Ireland in respect of the area of freedom, security and justice annexed to the Treaty on European Union and to the Treaty on the Functioning of the European Union, to take part in the adoption and application of the following proposed measure:

Proposal for a Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Internal Security Fund,

a copy of which was laid before Dáil Éireann on 9th July, 2018.”

—*An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.*

41. (l) An Bille um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 — Ordú don Tuarascáil.
(a) Home Building Finance Ireland Bill 2018 — Order for Report.

-
42. An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2018 — An Dara Céim (atógáil).
Criminal Law (Sexual Offences) (Amendment) Bill 2018 — Second Stage (resumed).

-
43. (l) An Bille Sláinte Poiblí (Alcól), 2015 — An Tuarascáil (atógáil, Leasú 17).
(a) Public Health (Alcohol) Bill 2015 — Report (resumed, Amendment 17).

Tairiscint (vótáil a cuireadh siar):
Motion (postponed division):

44. “Maidir le Dáil Éireann:

- go mbreithneoidh sí an Tuarascáil ón gComhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach, dar teideal ‘Idirghabháil le Cistí Infheistíochta’, ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 15 Márta 2018;
- go dtugann sí dá haire iarrachtaí leanúnacha gan rath an Chomhchoiste dul i mbun idirghabháil le cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus le gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte agus gurb oth léi seasamh na n-eintiteas seo agus cuirí ón gComhchoiste láithriú ag éisteachtaí de chuid an Chomhchoiste agus a bheith cuntasach don Pharlaimint á ndiúltú acu;
- go dtugann sí aitheantas thairis sin do thacaíocht Ghobharnóir Bhanc Ceannais na hÉireann ag éileamh go bhfreastalóidh na cistí infheistíochta príobháideacha neamhrialáilte agus na gnólachtaí seirbhíse creidmheasa rialáilte ag an gComhchoiste ar an mbonn go bhfuil ‘freagracht shóisialta ar ghnólachtaí a bhfuil ról suntasach acu i ngeilleagar na hÉireann cuntas a thabhairt orthu féin os comhair an Choiste’;
- go dtugann sí dá haire an fhaisnéis a sholáthair an Roinn Airgeadais ina dtugtar mionsonraí i dtaobh an leibhéil

That Dáil Éireann:

- shall consider the Report of the Joint Committee on Finance, Public Expenditure and Reform, and Taoiseach entitled ‘Engagement with Investment Funds’, copies of which were laid before Dáil Éireann on 15th March, 2018;
- notes the continuing, unsuccessful efforts of the Joint Committee to engage with unregulated private investment funds and regulated credit service firms and regrets the position of these entities in declining invitations from the Joint Committee to attend hearings of the Joint Committee and to be accountable to Parliament;
- acknowledges the support of the Governor of the Central Bank of Ireland in calling for the unregulated private investment funds and regulated credit service firms to attend at Joint Committee on the basis that ‘firms with a serious role in the Irish economy have a social responsibility to account for themselves before the Committee’;
- notes the information provided by the Department of Finance detailing the level of engagement with the funds industry

